



Comhairle an
Aontais Eorpaigh

Lucsamburg, 15 Deireadh Fómhair 2018
(OR. en)

12991/18

COPS 363
POLMIL 164
COWEB 140
CSDP/PSDC 562
CFSP/PESC 932
BIH 21

TORADH NA nIMEACHTAÍ

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
An:	15 Deireadh Fómhair 2018
chuig:	Toscaireachtaí
Ábhar:	Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea
	- Conclúidí ón gComhairle (15 Deireadh Fómhair 2018)

Gheobhaidh na toscaireachtaí san iarscríbhinn na Conclúidí ón gComhairle maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin/Oibríocht EUFOR Althea, a ghlac an Chomhairle ag an 3643ú cruinniú a bhí aici ar an 15 Deireadh Fómhair 2018.

**CONCLÚIDÍ ÓN gCOMHAIRLE MAIDIR LEIS AN mBOISNIA AGUS AN
HEIRSEAGAIVÉIN/OIBRÍOCHT EUFOR ALTHEA**

1. Cuireann an Chomhairle in iúl an athuair a tiomantas aonchiallach do dhearcadh an Aontais Eorpaigh gur tír aonair aontaithe cheannasach í an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin. Tar éis na dtoghchán a reáchtáladh ar an 7 Deireadh Fómhair, agus ag meabhrú di Conclúidí mhí an Mheithimh 2018, tá an Chomhairle ag súil go nglacfaidh na ceannairí uile páirt chuiditheach ar gach leibhéal chun rialtas a chur le chéile, ar mhaithe leis na saoránaigh go léir. Meabhraítear don Chomhairle go bhfuil súil aici go dtabharfaidh na húdaráis sa Bhoisnia agus sa Heirseagaivéin tús áite do na hathchóirithe is gá a dhéanamh le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo an Aontais, lena n-áiritheofar go ndéanfar an clár oibre athchóirithe a chur chun feidhme go hiomlán agus go héifeachtach.
2. Sa chomhthéacs sin, is díol sásaimh don Chomhairle go bhfuil Oibríocht Althea, a ndearnadh athdhíriú ar a príomhshainordú i ndiaidh athscrúdú straitéiseach 2017, fós ann, agus san am céanna, go bhfuil na gnéithe den chothú acmhainní agus den oiliúint a mheastar a bhfuil gá leo fós á gcoinneáil aici, agus deireadh á chur leis na gnéithe eile nach bhfuil ábhartha a thuilleadh. Sa chomhthéacs sin, agus mar chuid de straitéis iomlán an Aontais Eorpaigh maidir leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin, dearbhaíonn an Chomhairle go bhfuil an tAontas Eorpach faoi réir chun leanúint le sainordú feidhmeach míleata Oibríocht Althea ag an bpointe seo chun tacú le húdaráis na Boisnia agus na Heirseagaivéine agus iad ag iarraidh timpeallacht shábháilte, shlán a choimeád faoi shainordú athnuaite ó na Náisiúin Aontaithe.
3. Tá an Chomhairle ag súil le tíolacadh an chéad athscrúdaithe straitéisigh eile in 2019 a bheidh mar bhonn don phlé a dhéanfar leis na Ballstáit ar chúraimí EUFOR agus ar na roghanna atá ann do thodhchaí na hOibríochta. Ag an am céanna tá aird á tabhairt aici ar a riachtanaí atá sé, agus an staid slándála ar an láthair á cur san áireamh, tacú leis an mBoisnia agus an Heirseagaivéin ina próiseas lánpháirtithe leis an Aontas.
4. Aithníonn an Chomhairle a thábhachtaí atá sé go leanfar le comhordú EUFOR Althea le gníomhaithe idirnáisiúnta eile ar an láthair.

5. Ag an am céanna agus le tacaíocht ón gcomhphobal idirnáisiúnta, leanann an tAontas Eorpach d'údaráis na Boisia agus na Heirseagaivéine a spreagadh, dlús a chur lena n-iarrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar dhiúscairt armlóin bhreise, arm agus feistí pléascacha, ar ghlanadh mianach agus ar shaincheisteanna eile atá fós gan réiteach.
-